

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

Ceacht 8



Idirdhealú a dhéanamh idir na fíorchodanna agus na codanna fantaisíochta a bhaineann le fógra

Cuspóir Foghlama

Ba chóir go mbeadh na leanaí ina ann idirdhealú a dhéanamh idir na fíorchodanna agus na codanna fantaisíochta a bhaineann le fógra.

Toradh Foghlama

A thuiscint gur féidir le fógraí a bheith suite san fhíorshaol nó i saol na samhlaíochta/fantaisíochta nó a bheith ina meascán den dá rud. Ní miste a aithint go dtaitníonn fógraí le leanaí a bhíonn suite sa saol fantaisíochta.

Nótaí an Mhúinteora

Cruthaítear fógraí sa chaoi is go spreagfaidh siad frithghníomh mothúcháin i ndaoine. Roghnaítear gach rud a fheicimid san fhógraíocht go han-chúramach ionas go mbeidh an táirge nó an branda tarraingteach agus mealltach don lucht féachana. Is minic a mheasctar an fíorshaol agus saol na samhlaíochta nó na fantaisíochta i bhfógraí.

Acmhainní

- Scéal – Brionglóid Conor
- Gníomhaíocht 8.1
- Teastas MediaWise

Modheolaíocht

- Caint agus plé – Fantaisíocht/Samhlaíocht agus Fírinne; Fantaisíocht V Fírinne
- Scileanna trí mheán an ábhair – Brionglóid Conor

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

Ceacht 8



Cur Chuige

Céim 1: Fantaisíocht/Samhlaíocht agus Fírinne

- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil a fhios acu cad is scéal fantaisíochta ann.
- Míneigh do na leanaí gurb é is fantaisíocht ann ná samhlaíocht, rud éigin nach bhfuil ag tarlú san fhíorshaol i ndáiríre.
- Míneigh do na leanaí gurb é is fírinne ann rud éigin atá ag tarlú san fhíorshaol.
- Míneigh do na leanaí go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh ina bhfuil roinnt fantaisíochta agus roinnt den fhíorshaol léirithe.

Brionglóid Conor

Bhí lá an-ghnóthach ag Conor. Bhí sé tar éis sacar a imirt agus cuairt a thabhairt ar a aintín lena Dhaid. Bhí Conor an-tuirseach. D'ullmhaigh sé é féin don leaba agus dhún sé a shúile. Ansin go tobann chonaic sé draoi ina sheomra codlata ag iarraidh air teacht ar eachtra leis. Léim Conor ar scuab caillí an draoi agus amach leo tríd an bhfuinneog ag eitilt go hard sa spéir. Thug an draoi slaitín draíochta do Conor agus d'inis sé dó úsáid chúramach a bhaint as. I bhfad i gcéin chonaic Conor dhá dhragún ollmhóra ar thaobh an chnoic. Thuirling an Draoi ina aice leo agus bhain sé úsáid as a chumhachtaí mar dhraoi chun iad a dhéanamh an-bheag ar fad. D'inis an draoi do Conor go bhféadfadh sé na dragúin bheaga a choinneáil mar chuimhne ar a n-eachtra le chéile. D'etilt Conor abhaile agus isteach sa leaba. Bhí sé chomh turseach sin gur thit codladh air láithreach bonn.

- Fiafraigh de na leanaí cén chuid den scéal a bhí suite san fhíorshaol.
- Fiafraigh de na leanaí cén chuid den scéal a bhí suite sa tsamhlaíocht.
- An raibh aon chuid den scéal ar meascán é den fhíorshaol agus den fhanaisíocht?
- Fiafraigh de na leanaí cad iad na mothúcháin a spreag an scéal iontu.
- Fiafraigh de na leanaí ar mhaith leo eachtra a bheith acu cosúil le eachtra Conor.

Céim 2: Fantaisíocht V Fírinne

- Míneigh gur minic a úsáideann na meáin an fhanaisíocht i bhfógraí atá dírithe ar leanaí.
- Cruthaíonn cuideachtaí fógraíochta fógraí le scéalta fantaisíochta spreagúla agus cuireann siad an táirge atá á dhíol acu isteach sa scéal. Ar an gcaoi sin bíonn an táirge níos tarraingtí agus níos mealltaí.
- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil aon fhógraí feicthe acu i gcríocha fantaisíochta e.g. scéalta le draoithe, cailleacha, ollphéisteanna, prionsaí agus banphrionsaí, daoine a bhfuil cumhachtaí draíochta acu.
- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil na fógraí sin níos spéisiúla agus níos spreagúla ná cinn atá suite san fhíorshaol e.g. leanaí ag dul ar scoil, teaghlaigh ag siopadóireacht, daoine ag tabhairt cuairt ar ghaolta agus ar chairde.
- Ag úsáid Gníomhaíocht 8.1 is féidir leis na leanaí cinneadh a dhéanamh cad iad na híomhánna ar fantaisíocht iad agus cad iad na híomhánna atá suite san fhíorshaol.
- Chomh luath agus a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag na leanaí iarr orthu a gcuid freagraí a roinnt leis an rang agus an chúis leis an bhfreagra a mhíniú.



Gníomhaíocht 8.1

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

Ceacht 8



Cur Chuige

Céim 3: Súil Siar ar na Meáin Chumarsáide

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad a lán faoi na meáin chumarsáide le hocht gceacht anuas.
- Fiafraigh de na leanaí an féidir leo aon cheann de na rudaí a d'fhoghlaim siad a ainmniú?
- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad:
 - Conas na cineálacha éagsúla meán a aithint agus a ainmniú.
 - Cur síos ar cad is fógraíocht ann.
 - Bunmhothúcháin a aithint (sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla).
 - A thuiscint go bhfuil difríocht idir mianta agus riachtanais.
 - Cur síos a dhéanamh ar chlár teilifíse ar leith agus ar roinnt de ghnéithe an chláir.
 - A thuiscint go bhfuil spéiseanna éagsúla ag leanaí éagsúla, agus go nglacann na meáin chumarsáide le boinn tuisceana faoi na nithe is maith nó nach maith le buachaillí nó le cailíní bunaithe ar a n-inscne amháin.
 - A thuiscint gurb é a chiallaíonn áitiú ar dhuine a chur ina luí ar an duine sin rud éigin a smaoineamh nó a dhéanamh.
 - A thuiscint gur féidir le fógraí a bheith suite i saol na samhlaíochta nó san fhíorshaol nó gur féidir meascán den dá rud a bheith ann.
 - A aithint gur maith le leanaí fógraí atá suite i saol na samhlaíochta.
- Is féidir Teastas MediaWise a bhronnadh ar gach leanbh, ag léiriú gur ghlac siad páirt sa chlár foghlama seo.

